COMHAD FÍRICÍ:
EACNAMAÍOCHT BHAILE GCSE: Bia agus Cothú

Rewarding Learning

A bheith i do thomhaltóir éifeachtach agus tú ag déanamh siopadóireacht do bhia

Toradh foghlama

Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta:

- luacháil a dhéanamh ar na roghanna siopadóireacht bhia seo a leanas do réimse tomhaltóirí:
  - siopaí neamhspleácha grósaera;
  - ollmhargaí;
  - margaí;
  - siopaí feirme;
  - siopadóireacht ar líne;
  - aipeanna siopadóireachta.

Tá neart roghanna ar fáil ag tomhaltóirí agus tú ag déanamh siopadóireacht do bhia. Tá sé tábhachtach foghlaim faoi na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le gach rogha lena shocrú cé acu is fóirsteanaí do chineálacha éagsúla tomhaltóirí. Beidh ort a bheith eolach ar an dóigh le cosaint a dhéanamh ar oiriúnacht roghanna éagsúla siopadóireachta do ghrúpaí éagsúla tomhaltóirí.

Rogha siopadóireachta: Siopaí neamhspleácha grósaera

Samplaí: Siopa beag áitiúil, Mace, Spar

Buntáistí:

- Réimse de tháirgí bia áitiúla.
- Gar don bhaile agus i gceantair thithíochta de ghnáth.
- Díolann táirgí go minic i méideanna beaga, a laghdaíonn dramhaíl sa deireadh.
- Seirbhís phearsanta chairdiúil.

Míbhuntáistí:

- Níos daoire go minic.
- Is féidir go mbeadh stoc/rogha táirgí teoranta agus nach ndéanfaí uainíocht orthu ar bhonn rialta.
- Is féidir go mbeadh réimse teoranta táirgí ar díol.

Rogha siopadóireachta: Ollmhargaí

Samplaí: Tesco, Sainsbury, Asda

Buntáistí:

- Réimse leathan táirgí agus brandaí ar fáil.
- Tairiscintí agus promóisin speisialta a d'fhéadfadh airgead tomhaltóirí a shábháil.
- Barainneachtaí scála – níos mó táirgí a dhíol ar airgead níos lú agus airgead tomhaltóirí a shábháil dá bharr.
- Réimse seirbhísí agus áiseanna ar fáil le riar ar réimse leathan riachtanas/mianta tomhaltóirí.

Míbhuntáistí:

- Seirbhís neamhphearsanta.
- Is féidir go mbeadh róchaiteachas agus tob-cheannach ann mar gheall ar na tairiscintí speisialta atá ar fáil.
- Lonnaithe go minic taobh amuigh den bhaile agus níos deacra teacht air dá bharr.
- An-ghnóthach agus níos callánaí go minic ná rogha siopadóireachta níos lú.

Rogha siopadóireachta: Margaí

Samplaí: Margadh Naomh Seoirse i mBéal Feirste

Buntáistí:

- Réimse de tháirgí áitiúla ar fáil atá mar chuidiú dá réir don timpeallacht trí aermhílte a laghdú agus le tacaíocht a chur ar fáil don gheilleagar áitiúil.
- Sainchomhairle ar fáil.
- Níos saoire ná siopaí b'fhéidir.
- Eispéireas caidreamhach do thomhaltóirí.

Míbhuntáistí:

- Seans nach mbeadh sé ar fáil ach ar laethanta áirithe agus go mbeadh sé ag brath ar an aimsir.
- Seans nach mbeadh fáil ar an réimse táirgí atá ar fáil ó roghanna siopadóireachta eile.
- Seans nach mbeadh pacáistiú agus lipéadú ar fáil ar na táirgí bia.

Rogha siopadóireachta: Siopaí feirme

Samplaí: McKees, Siopa feirme Cloughbane

Buntáistí:

- Tacaíonn leis an phobal áitiúil.
- Táirge áitiúil, níos lú aermhílte agus níos fearr don timpeallacht dá réir.
- Réimse níos leithne de tháirgí orgánacha.

Míbhuntáistí:

- Níos daoire de ghnáth ná ollmhargaí.
- Seans nach mbeadh acu ach glasraí atá i séasúr i gcomparáid leis an réimse atá ar fáil in ollmhargadh.

Rogha siopadóireachta: Siopadóireacht ar líne

Samplaí: Tesco, Sainsbury, Asda srl.

Buntáistí:

- Ar fáil 24 uair an chloig sa lá, 7 lá sa tseachtain.
- Réimse leathan táirgí ar fáil.
- Is féidir ceannach i gcompord do thí féin.
- Ábalta buiséadú a dhéanamh; bíonn an bille ar líne le feiceáil de réir mar a chuirtear earraí sa 'chiseán'.

Míbhuntáistí:

- Saincheisteanna slándála (Calaois idirlín nó chárta íocaíochta).
- Ní féidir an táirge a láimhseáil sula gceannaíonn tú é.
- Is féidir go mbeadh costas poist nó seachadta le híoc.
- Ní fhaightear an táirge láithreach.

Rogha siopadóireachta: Aipeanna siopadóireachta

Eiseamláirí: mySupermarket
Féach: https://itunes.apple.com/gb/app/mysupermarket-grocery-shopping/id640504087?mt=8

Buntáistí:

- Liostaí grósaeireachta a chruthú agus a bhainistiú agus na tairiscintí is fearr a fháil ón "tsárliosta".
- Siopadóireacht a dhéanamh ó ollmhargadh ar bith.
- Déantar praghsanna laethúla a nuashonrú do Tesco, Asda, Sainsbury's, Morrisons, Boots, Superdrug, Waitrose, Ocado, Aldi, Poundland agus Iceland.
- Liostaí siopadóireachta a chruthú agus a bhainistiú sa bhaile, agus tú amuigh nó sa tsiopa.
- Táirgí a aimsiú trí chuardach, scagadh agus scanóir barrachód.
- Praghas earraí aonair nó an liosta iomlán thar 11 shiopa grósaera a chur i gcomparáid lena chéile.
- Foláirimh phraghais a shocrú sa doigh nach n-íocfaidh tú barraíocht as na hearraí is fearr leat.
- Moltaí sábhála agus dearbháin aisairgid eisiacha a fháil le níos mó fós a shábháil.
- Déantar an liosta siopadóireachta a shioncronú go huathoibríoch le cuntas mySupermarket.

Míbhuntáistí:

- Gan deis ann cáilíocht aeistéitiúil an bhia, m.sh. uigeacht, boladh etc. a mheasúnú.
- Deacair a bheith ar an eolas faoi/seiceáil a dhéanamh ar dhátaí earraí bia.

Gach íomhá © ThinkstockPhotos.com

© CCEA 2019